



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14574/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0368(COD)**

**DRS 54
EF 318
ECOFIN 1078
SUSTDEV 132
COMPET 1025
CODEC 1961**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Deireadh Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 596 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh earnálacha áirithe agus le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 596 final.

Faoi iamh: COM(2023) 596 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.10.2023
COM(2023) 596 final

2023/0368 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun
caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh earnálacha áirithe
agus le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Long-term competitiveness of the EU: looking beyond 2030* [Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030], leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le córas rialála lena n-áirithítear go mbaintear cuspóirí amach ar an gcostas is ísle. Dá bhrí sin, tá gealltanais tugtha aige iarracht nua a dhéanamh chun na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus é ina aidhm dheiridh ualaí den sórt sin a laghdú 25 %, gan dochar a dhéanamh do na cuspóirí beartais gaolmhara.

Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun forfheidhmiú ceart na reachtaíochta agus faireachán cuí ar an reachtaíocht a áirithiú. Ar an iomlán, déantar a gcostais a fhritháireamh tríd an tairbhe a bhaineann leo, go háirithe maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na bpríomhbheart beartais agus comhlíonadh na bpríomhbheart sin a áirithiú. Mar sin féin, is féidir le ceanglais tuairiscithe ualaí díréireacha a chur ar pháirtithe leasmhara, rud a dhéanann difear go háirithe do FBManna agus do mhicreachuideachtaí. Dá bhrí sin, ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do chuideachtaí ullmhú d'aon cheanglas tuairiscithe nua. Is féidir le carnadh na gceanglas tuairiscithe le himeacht ama a bheith ina chúis le hoibleagáidí iomarcacha, oibleagáidí dúblála nó oibleagáidí atá imithe i léig, minicíocht agus uainiú neamhéifeachtúil, nó modhanna bailiúcháin neamhleora.

Dá bhrí sin, is tosaíocht é oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú agus ualaí riaracháin a laghdú. Sa chomhthéacs sin, leis an togra, déanfar na hoibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú tríd an sprioc-am le haghaidh earnálacha áirithe agus gnóthais tríú tír áirithe chun caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh a chur siar.

Leis an Treoir Chuntasaíochta (2013/34/AE)¹ arna leasú leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD - 2022/2464)², ceanglaítear ar chuideachtaí móra agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) liostaithe, chomh maith le máthairchuideachtaí grúpaí móra, an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar thionchair na cuideachta ar ábhair inbhuanaitheachta, agus an fhaisnéis is gá chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann ábhair inbhuanaitheachta difear d'fhorbairt, feidhmíocht agus seasamh na cuideachta³, a áireamh i roinn ar leith dá dtuarascáil bhainistíochta.

Ní mór an fhaisnéis inbhuanaitheachta sin a thuairisciú i gcomhréir leis na Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaitheachta (CETInna), a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, agus an chomhairle theicniúil arna soláthar ag

¹ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

² Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15).

³ Leagtar amach in Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais mhóra agus FBManna liostaithe, agus tá feidhm acu ón mbliain airgeadais 2024 ar aghaidh ag brath ar an gcatagóir gnóthais. Le hAirteagal 40a den Treoir Chuntasaíochta, ceanglaítear freisin ar chuideachtaí áirithe neamh-AE atá i mbun gnó ar chríoch an Aontais faisnéis áirithe inbhuanaitheachta ón mbliain airgeadais 2028 a chur ar fáil go poiblí.

EFRAG⁴ á cur san áireamh. Ní mór a shonrú sna CETInna sin an t- ábhar agus, i gcás inarb ábhartha, an struchtúr atá le húsáid chun an fhaisnéis sin a chur i láthair⁵.

Ghlac an Coimisiún an chéad sraith CETInna an 31 Iúil 2023 agus tá sí faoi réir grinnscrúdú ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle anois. Tá na CETInna sa chéad tacar sin il-oiriúnach ó thaobh earnála de, rud a chiallaíonn go bhfuil feidhm acu maidir leis na gnóthais uile a thagann faoi raon feidhme CSRD, gan beann ar an earnáil nó na hearnálacha ina n-oibríonn an gnóthas.

In Airteagal 29b(1), an tríú fomhír, den Treoir Chuntasaíochta, socraítear dáta glactha CETInna earnáilsonracha faoin 30 Meitheamh 2024. Sonrófar sna CETInna sin an fhaisnéis ba cheart do ghnóthais a thuairisciú maidir le hábhair inbhuanaitheachta agus réimsí tuairiscithe a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn gnóthas.

Tá tograí nithiúla á gcur ar aghaidh ag an gCoimisiún chun an t-ualach tuairiscithe ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a laghdú. Ceann amháin de na tograí sin is ea moill 2 bhliain a mholadh maidir le dáta glactha CETInna earnáilsonracha, a cheanglaítear faoi láthair in 2024. Freagraíonn sé seo freisin d'éileamh ón earnáil chorparáideach.

Tá sé ábhartha an dáta glactha a chur siar 2 bhliain i gcás cuideachtaí faoi raon feidhme CSRD, lena n-áirítear FBManna liostaithe, a gceanglaítear orthu tuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh. Leis sin, beidh na cuideachtaí sin in ann díriú ar chur chun feidhme na chéad sraithe CETInna a glacadh an 31 Iúil 2023, áiritheoidh sé go mbeidh a dhóthain ama ag EFRAG CETInna earnáilsonracha a fhorbairt atá éifeachtúil, agus na ceanglais tuairiscithe a theorannú don íosmhéid is gá.

Ina theannta sin, in Airteagal 40b den Treoir Chuntasaíochta, socraítear an dáta glactha do chuideachtaí áirithe neamh-AE a bhfuil gnó acu san Aontas CETInna a úsáid faoin 30 Meitheamh 2024. Ós rud é nach bhfuil feidhm ag na ceanglais tuairiscithe maidir leis na cuideachtaí neamh-AE sin ach ón mbliain airgeadais 2028 ar aghaidh, agus i bhfianaise gur cuireadh siar 2 bhliain an sprioc-am chun CETInna earnáilsonracha a ghlacadh, ba cheart an sprioc-am chun na caighdeáin sin a ghlacadh a chur siar 2 bhliain freisin. Leis sin, beifear in ann níos mó acmhainní a thiomnú d'fhorbairt CETInna earnáilsonracha atá éifeachtach agus comhréireach, agus a ndóthain ama a thabhairt an tráth céanna do na cuideachtaí neamh-AE sin ullmhúchán a dhéanamh roimh an mbliain airgeadais 2028.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra ina chuid den chéad phacáiste beart chun na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú. Is céim é seo i bpróiseas ina mbreathnaítear go cuimsitheach ar na riachtanais tuairiscithe atá ann cheana, d'fhoill measúnú a dhéanamh ar a n-ábharthacht leanúnach agus iad a dhéanamh níos éifeachtúla. Ní dhéanfaidh an cuíchóiriú a thugtar isteach leis an mbeart sin difear diúltach do bhaint amach na gcuspóirí i réimse an tuairiscithe inbhuanaitheachta. Tá an togra comhsheasmhach freisin leis an bPacáiste Faoisimh do FBManna⁶.

⁴ Airteagal 49(3b) den Treoir Chuntasaíochta. Ba é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais a thugtaí roimhe seo ar EFRAG. D'athraigh sé a ainm go EFRAG in 2022.

⁵ Le hAirteagal 29b(1) den Treoir Chuntasaíochta, tugtar sainordú don Choimisiún CETInna atá le húsáid ag gnóthais mhóra agus FBManna liostaithe a ghlacadh trí ghníomhartha tarmligthe, agus le hAirteagal 40b tugtar sainordú don Choimisiún CETInna a ghlacadh le haghaidh na tuarascála inbhuanaitheachta ar chuideachtaí áirithe neamh-AE.

⁶ COM(2023) 535 final.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

N/B

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Cinneadh gurb é Airteagal 50 CFAE an bunús dlí iomchuí don tionscnamh seo ós rud é go leasaítear leis Treoir atá ann cheana, atá bunaithe ar an Airteagal sin.

- **Coimhdeacht**

Tá na sprioc-amanna maidir le glacadh na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta le comhlíonadh ag an gCoimisiún. Ní féidir na sprioc-amanna sin a chur siar ach amháin trí bhíthin gníomh de chuid na gcomhreachtóirí. Ní gá aon bheart a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta i ndáil leis sin.

- **Coimhdeacht**

Is é príomhchuspóir an tionscnaimh seo cur ar a gcumas do chuideachtaí díriú ar chur chun feidhme na chéad sraithe CETInna a glacadh an 31 Iúil 2023, a áirithiú go mbeidh a dhóthain ama ag EFRAG CETInna earnáilsonracha a fhorbairt atá éifeachtúil, agus na ceanglais tuairiscithe a theorannú don íosmhéid is gá. Dá gcuirfí siar na sprioc-amanna don Choimisiún chun na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh earnálacha áirithe a ghlacadh - agus le haghaidh cuideachtaí áirithe tríú tír chomh maith - bhainfí amach an cuspóir sin agus an tráth céanna, d'fhágfaí a ndóthain ama do chuideachtaí ullmhú do na ceanglais tuairiscithe bhreise sin.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é nach mbaineann na leasuithe ach le cur siar na dteorainneacha ama don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, agus dá bhrí sin nach n-éilítear leo aon trasuí ag na Ballstáit, meastar gurb é Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 50(1) CFAE an ionstraim dlí is iomchuí. Go deimhin, baineann an ionstraim seo leis an gcomhthéacs normatach foriomlán ina n-iarrtar ar na Ballstáit a ndlíthe a chomhfhogasú tríd an Treoir, mar a cheanglaítear le hAirteagal 50 CFAE.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

N/B

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

N/B

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

N/B

- **Measúnú tionchair**

N/B

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

N/B

- **Ceartha bunúsacha**

N/B

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an tionscnamh seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

N/B

- **Doiciméid mhíniúcháin**

Ní gá do na Ballstáit aon trasuí a dhéanamh ós rud é, leis an tionscnamh seo, go gcuirtear siar 2 bhliain sprioc-amanna áirithe don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasaítear Treoir 2013/34/AE mar a leanas:

- (1) An sprioc-am don Choimisiún chun CETInna earnáilsonracha a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe faoi Airteagal 29b(1), an tríú fomhír, socraítear faoin 30 Meitheamh 2026 é (seachas faoin 30 Meitheamh 2024);
- (2) An sprioc-am don Choimisiún chun CETInna le haghaidh cuideachtaí neamh-AE a chomhlíonann tairseacha áirithe a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe faoi Airteagal 40b, socraítear faoin 30 Meitheamh 2026 é (seachas faoin 30 Meitheamh 2024).

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh earnálacha áirithe agus le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁷,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta maidir le trédhearcacht sa mhargadh a áirithiú agus chun a áirithiú go bhfuil gnóthais freagrach as a dtionchar ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Tá sé tábhachtach, áfach, na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.
- (2) Le hAirteagal 29b(1), an tríú fomhír, de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, ceanglaítear ar an gCoimisiún foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta trí bhithin gníomhartha tarmligthe faoin 30 Meitheamh 2024 lena sonraítear an fhaisnéis atá le tuairisciú ag gnóthais maidir le hábhair inbhuanaitheachta agus na réimsí tuairiscithe a bhaineann go sonrach leis an earnáil ina n-oibríonn gnóthas, sa bhreis ar an bhfaisnéis atá le soláthar cheana féin ag gnóthais faoi Rialachán Tarmligthe (AE) XX/XXX ón gCoimisiún⁹.
- (3) Chun an n-ualach tuairiscithe ar ghnóthais a laghdú, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Long-term competitiveness of the EU: looking beyond 2030* [Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná

⁷ IO C [...], [...], lch. [...].

⁸ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

⁹ [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an tagairt iomlán don Ghníomh Tarmligthe seo, nuair a fhoilseofar é: RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 31.7.2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (C(2023) 5303 final)].

2030]¹⁰, ba cheart cead a bheith ag gnóthais díriú ar dtús ar chur chun feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) XX/XXX. Chuige sin, ba cheart an teorainn ama maidir le glacadh na ngníomhartha tarmligthe ina bhfuil na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta chomhlántacha dá dtagraítear in Airteagal 29b(1), an tríú fomhír, de Threoir 2013/34/AE a chur siar 2 bhliain.

- (4) Ceanglaítear freisin le hAirteagal 40b de Threoir 2013/34/AE ar an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, faoin 30 Meitheamh 2024, chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá le húsáid chun faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh maidir le gnóthais tríú tír ag a bhfuil glanláimhdeachas os cionn EUR 150 milliún agus ag a bhfuil fochuideachtaí san Aontas ar gnóthais mhóra nó gnóthais bheaga agus mheánmhéide iad a bhfuil urrúis acu atá ligthe isteach chun a dtrádála i margaí rialáilte an Aontais, nó le brainsí san Aontas ag a bhfuil glanláimhdeachas os cionn EUR 40 milliún.
- (5) Ní bheidh feidhm ag na ceanglais tuairiscithe le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe ach ón mbliain airgeadais 2028 ar aghaidh. Ós rud é go gcuirfear siar 2 bhliain an teorainn ama maidir le glacadh na ngníomhartha tarmligthe ina bhfuil na hoibleagáidí tuairiscithe inbhuanaitheachta comhlántacha dá dtagraítear in Airteagal 29b(1), an tríú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, ba cheart an teorainn ama maidir le glacadh na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta le haghaidh caighdeáin áirithe gnóthas tríú tír a chur siar 2 bhliain freisin.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2013/34/AE a leasú dá réir sin,
TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2013/34/AE

Leasaítear Treoir 2013/34/AE mar a leanas:

- (1) In Airteagal 29b(1), an tríú fomhír, cuirtear ‘30 Meitheamh 2026’ in ionad na foclaíochta tosaigh ‘30 Meitheamh 2024’;
- (2) in Airteagal 40b, cuirtear ‘30 Meitheamh 2026’ in ionad ‘30 Meitheamh 2024’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

¹⁰ COM(2023)168.